

# Ag ríomh tuaslagthacht

Más miain linn réamh-mheas cruinn a dhéanamh ar an méad tuaslagadh a bhfuil in ann tarlúint caithfidh ceithre rud a bheith ar eolas againn:

- ① An saghas tuaslagáit
- ② Toirt an tuaslagóir
- ③ Mais an tuaslagáit
- ④ An teocht

Is féidir linn a rá, mar shampla, gurb é tuaslagthacht salainn in uisce ag 20°C ná 35 gram i 100cm<sup>3</sup> d'uisce.

Go ginearálta: **Tuaslagthacht =  $\frac{\text{Mais an tuaslagáit}}{\text{Toirt an tuaslagóir}}$**

Teocht (°C)	Tuaslagthacht níotráit photaisiam	Tuaslagthacht clóiríd photaisiam
10	20	32
20	30	35
30	44	36
40	60	38
50	78	40
60	100	42
70	125	45
80		50
90		55

Taispeánann an chlár tuaslagthachtaí níotráit photaisiam (saghas leasachán) agus clóiríd photaisiam (príomh comhabhar i 'lo-salt') ag teochtanna difriúla. Tugtar na tuaslagthachtaí i gms tuaslagáit sár 100cm<sup>3</sup> d'uisce.

## Ceisteanna

- ① Cruthaigh graf líne chun na torthaí seo a thaispeáint. Cuir an teocht ar an ais x agus an tuaslagthacht ar an ais y. Roghnaigh dath difriúil le haghaidh gach soláid agus taispeáin ar eochar cén dath a théann le pé tuaslagáit.
- ② Breac síos agus críochnaigh an abairt seo ' Agus an teocht ag eirí, .....an tuaslagthacht ...'
- ③ Cé acu des na soláid a tuaslagann níos fearr ag 10°C agus ag 40°C?
- ④ Úsáid an graif chun meastachán a dhéanamh ar tuaslagthacht clóiríd photaisiam ag 75°C.
- ⑤ Úsáid do ghráf chun meastachán a dhéanamh ar an dteocht a bheadh uait chun 110g níotráit photaisiam a tuaslagadh i 100cm<sup>3</sup> d'uisce.
- ⑥ Má tógtar 100 cm<sup>3</sup> tuaslagán sáithithe ó 70°C go dtí 20°C, cé mhéad gram de criostal níotráit photaisiam a chruthaítear? Taispeáin d'obair.
- ⑦ Cé mhéad clóiríd photaisiam a tuaslagann i 100cm<sup>3</sup> d'uisce ag 50°C?
- ⑧ Cé mhéad clóiríd photaisiam a tuaslagann i líotar amháin (1000 cm<sup>3</sup>) d'uisce ag 50 °C? Taispeáin d'obair.